An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2015**
**(OR. en)**

**EUCO 22/15**

**CO EUR 8**
**CONCL 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (25 agus 26 Meitheamh 2015) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN IMIRCE

1. Teastaíonn beartas ón Eoraip le cur chuige cothrom agus cuimsitheach ó thaobh geografaíochta i leith na himirce, atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar an bhfreagracht. Tar éis na gcinntí a rinneadh ag an gComhairle Eorpach i mí Aibreáin seo caite, cuireadh bearta nithiúla i gcrích chun tuilleadh básanna ar muir a chosc, chun bealaí nua a aimsiú le dul i ngleic le smuigléirí, agus chun dlús a chur leis an gcomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, agus ag an am céanna an ceart chun tearmann a lorg á urramú. Is rannchuidiú tábhachtach i ndáil leis sin é seoladh mhisean EUNAVFOR MED, a chinn an Chomhairle an 22 Meitheamh. Is cuid ríthábhachtach dár gcur chuige cuimsitheach é gníomhaíocht oibríochtúil chun dul i ngleic le gáinneálaithe agus smuigléirí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

2. Ag leanúint ón gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce ón gCoimisiún, ba cheart obair a thabhairt chun cinn ar gach aon ghné de chur chuige cuimsitheach córasach.

3. Tá gá le hiarrachtaí níos leithne, lena n-áirítear bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú, chun srian níos fearr a choimeád ar na sreabha imirce neamhdhleathacha atá ag dul i méid. Inniu, dhírigh an Chomhairle Eorpach ar thrí phríomhghné nach mór a chur ar aghaidh in éineacht lena chéile: athlonnú/athshocrú, aisdúichiú/athligean isteach/athimeascadh agus comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. Déanfaidh an Chomhairle measúnú go tráthrialta ar an dul chun cinn i ngach ceann de na trí ghné, agus tabharfaidh sí tuarascáil uaithi níos déanaí sa bhliain.

***Athlonnú/athshocrú***

4. I bhfianaise na staide éigeandála atá ann faoi láthair agus a thiomanta atáimid chun an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht a neartú, agus i gcomhréir leis an gcinneadh a rinneadh i mí Aibreáin ina iomláine, lena n-áirítear mír 3, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis na bearta idirnasctha seo a leanas chun cabhrú le 60,000 duine:

a) go ndéanfar 40,000 duine ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a athlonnú ar bhonn sealadach agus eisceachtúil thar dhá bhliain ó na Ballstáit túslíne, an Iodáil agus an Ghréig, chuig na Ballstáit eile, rud a mbeidh gach Ballstát[1] rannpháirteach ann;

b) go nglacfaidh an Chomhairle go pras Cinneadh chun na críche sin; chuige sin, tiocfaidh na Ballstáit go léir ar chomhaontú trí chomhthoil faoi dheireadh mhí Iúil maidir le dáileadh na ndaoine sin, lena léirítear cásanna sonracha na mBallstát;

c) go mbunófar saoráidí fáiltithe agus céadfháiltithe sna Ballstáit túslíne, le tacaíocht ghníomhach ó na saineolaithe sna Ballstáit agus ó EASO, ó Frontex agus ó Europol, chun a áirithiú go ndéanfar sainaithint, clárú agus méarlorgaireacht imirceach go gasta ("príomhláithreacha próiseála"). Tabharfaidh sé sin deis chun a chinneadh cé na daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus iad siúd nach bhfuil. Dréachtóidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit óstacha, treochlár, faoi mhí Iúil 2015, maidir leis na gnéithe dlíthiúla, airgeadais agus oibriúcháin de na saoráidí sin;

d) go gcuirfear cúnamh airgeadais feabhsaithe ar fáil láithreach do na Ballstáit túslíne chun cabhrú le maolú na gcostas maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a fháil agus a phróiseáil;

e) comhaontú go mbeidh gach Ballstát rannpháirteach in athshocrú 20,000 duine easáitithe ar léir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta, lena léirítear cásanna sonracha na mBallstát.

---

[1] Gan dochar do chás sonrach na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na Danmhairge, de bhun Phrótacal 21 agus Phrótacal 22 a ghabhann leis na Conarthaí. Ní bheidh UK rannpháirteach.

***Aisdúichiú/athligean isteach/athimeascadh***

5. Is gné bhunriachtanach é den chomhrac i gcoinne na himirce neamhrialta beartais éifeachtacha maidir le haisdúichiú, le hathligean isteach agus le hathimeascadh dóibh siúd nach bhfuil cáilithe le haghaidh cosanta agus cabhróidh sé sin le daoine a dhíspreagadh óna mbeatha a chur i mbaol. Bainfear leas as na huirlisí go léir chun athligean isteach imirceach neamhrialta sna tíortha tionscnaimh agus idirthurais a chur chun cinn, ag cur leis na moltaí a thíolaic an Coimisiún ag cruinniú na Comhairle an 16 Meitheamh[2]. Go háirithe:

a) ba cheart go seolfadh an tArdionadaí, a luaithe is féidir, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, idirphlé ardleibhéil leis na príomhthíortha tionscnaimh imirceach neamhdhleathach. Ullmhóidh an Chomhairle, mar aon leis an gCoimisiún, pacáiste lánchuimsitheach chun tacú leis an gcaibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann;

b) áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear gealltanais maidir le hathligean isteach chun feidhme go héifeachtach a luaithe is féidir, go háirithe gealltanais faoi Chomhaontú Cotonou, agus go ndéanfar an chaibidlíocht leanúnach atá ar bun maidir le comhaontuithe maidir le hathligean isteach a luathú agus a thabhairt chun críche a luaithe is féidir, agus ag an am céanna go seolfar caibidlíocht nua le tríú tíortha eile;

c) ag cur leis an bprionsabal "dá mhéad is ea is mó", bainfear úsáid as cúnamh agus beartais AE chun dreasachtaí a chruthú d'fhonn comhaontuithe maidir le hathligean isteach a chur chun feidhme agus cinn nua a thabhairt chun críche. Ba cheart gealltanais a leagtar amach i gcomhaontuithe trádála maidir le daoine a bheith i láthair go sealadach chun seirbhísí a sholáthar a úsáid mar dhreasacht chun comhaontuithe maidir le hathligean isteach a thabhairt chun críche; ba cheart go ndéanfadh na huirlisí beartais forbraíochta fothú acmhainní áitiúla a neartú, lena n-áirítear maidir le rialú teorann, le tearmann agus le frith-smuigleáil agus le hathimeascadh;

d) cuirfidh Ballstáit an Treoir Aisdúichithe chun feidhme ina hiomláine, agus leas á bhaint as na bearta ar fad a chuirtear ar fáil inti chun aisdúichiú tapa imirceach neamhrialta a áirithiú; cuirfear isteach i gCóras Faisnéise Schengen cinntí maidir le haisdúichiú a eisíonn na Ballstáit;

[2] 10170/15.

e) leagfaidh an Coimisiún amach faoi mhí Iúil 2015 an bealach a dtabharfaidh Frontex tacaíocht láithreach do na Stáit túslíne maidir le haisdúichiú. D'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige a mholadh go leasófar Rialachán Frontex chun ról Frontex maidir le haisdúichiú a neartú, go háirithe ionas go mbeidh sé in ann misin aisdúichithe a thionscnamh;

f) d'fhonn dlús a chur le cóireáil iarratas tearmainn, leagfaidh an Coimisiún amach faoi mhí Iúil 2015 na bearta a mbainfear feidhm astu chun EASO a úsáid d'fhonn cur chun feidhme na bhforálacha maidir le "tír shábháilte thionscnaimh" sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn a chomhordú. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil sé ar intinn aige na forálacha maidir le "tír shábháilte thionscnaimh" sa Treoir um Nósanna Imeachta Tearmainn a neartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbunófar liosta coiteann don Aontas de thíortha tionscnaimh sábháilte;

g) cuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil go pras chun tacú le beartas aisdúichithe éifeachtach Aontais; ina theannta sin, iarrtar ar an gCoimisiún moltaí i ndáil leis sin i gcomhthéacs bhuiséad 2016 an Aontais, agus chun Clár Eorpach Aisdúichithe tiomnaithe a bhunú.

***Comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais***

6. Tá sé ríthábhachtach an comhar foriomlán atá againn le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a neartú, maidir le srian a chur ar na sreafa imirceach neamhrialta agus maidir le dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce chun na dreasachtaí le haghaidh imirce neamhdhleathaí a laghdú agus chun na líonraí smuigleála a chomhrac. Beidh ról tábhachtach ag an gcúnamh don fhorbairt i ndáil leis seo.

7. Tá comhpháirtíocht idir an Eoraip agus tíortha na hAfraice ríthábhachtach, agus iad ag obair le chéile chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach ar bhealach comhtháite. Le linn Chruinniú Mullaigh Valletta, déanfar iarracht na nithe seo a leanas go háirithe a bhaint amach, in éineacht le comhpháirtithe na hAfraice:

   a) cúnamh do na tíortha comhpháirtíochta ina dtroid i gcoinne smuigléirí;

   b) comhar neartaithe maidir le beartas éifeachtach aisdúichithe;

   c) comhar um fhorbairt a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus feabhas a chur ar infheistíochtaí san Afraic chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, chomh maith le deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a chur ar fáil.

   Ullmhóidh an Chomhairle tograí le haghaidh réimsí comhair le tíortha tionscnaimh agus idirthurais i gcomhair Chruinniú Mullaigh Valletta.

8. Déanfaidh an tAontas Eorpach freisin dlús a chur lena chomhar leis an Tuirc agus leis na tíortha ábhartha sa Mheánoirthear (go háirithe an Iaráic, an Iordáin agus an Liobáin).

9. Eagrófar comhdháil ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le bealach na mBalcán Thiar.

## II. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

10. Tá timpeallacht slándála na hEorpa athraithe go mór. Tá gá dá bhrí sin le gníomhaíocht i dtrí réimse idirnasctha:

    a) ag leanúint ó "Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil" ón gCoimisiún, agus ó na conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2015, tabharfar obair chun cinn ar an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach; is tosaíocht i gcónaí é cur chun feidhme na dtreoirlínte maidir leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta a comhaontaíodh ag cruinniú mhí Feabhra;

    b) leanfaidh an tArdionadaí den phróiseas machnaimh straitéisigh d'fhonn straitéis dhomhanda Aontais maidir le beartas eachtrach agus slándála a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus cuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí faoi mhí an Mheithimh 2016 í;

c) i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Nollag 2013 agus na Conclúidí ón gComhairle an 18 Bealtaine 2015, leanfar leis an obair ar CBSC níos éifeachtaí, níos infheicthe agus níos dírithe ar thorthaí, agus leis an obair ar chumais shibhialta agus mhíleata araon a fhorbairt tuilleadh, agus ar thionscal cosanta na hEorpa a neartú, lena n-áirítear FBManna. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach an gá atá ann leis na nithe seo a leanas:

– go ndéanann na Ballstáit leibhéal leordhóthanach caiteachais a leithdháileadh don chosaint agus go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní;

– go ndéantar i mbuiséad an Aontais cistiú iomchuí a áirithiú le haghaidh beart ullmhúcháin don taighde a bhaineann le CBSC, ina réiteofar an bealach do chlár taighde agus teicneolaíochta don chosaint a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo;

– comhar cosanta Eorpach níos mó agus níos córasaí a chothú chun príomhchumais a chur ar fáil, lena n-áirítear trí chistí an Aontais;

– leas a bhaint as ionstraimí an Aontais chun cabhrú le cur in aghaidh bagairtí hibrideacha;

– comhpháirtíochtaí a threisiú, eadhon na Náisiúin Aontaithe, ECAT, ESCE agus AA;

– comhpháirtithe a chumhachtú agus a chumasú chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear trí thionscadail nithiúla d'fhorbairt acmhainní ag a mbeidh raon feidhme solúbtha geografach.

Beidh beartas slándála agus cosanta ar chlár oibre na Comhairle Eorpaí go minic.

## III. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

11. Thug an Chomhairle Eorpach Seimeastar Eorpach 2015 chun críche trí thacú go ginearálta leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tíortha Áirithe agus d'iarr sí go gcuirfí chun feidhme iad. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) agus d'iarr sí go gcuirfí chun feidhme go pras é.

12. Leis na teicneolaíochtaí digiteacha tá deiseanna ollmhóra le haghaidh nuálaíochta, fáis agus post. D'fhonn tairbhe iomlán a bhaint as réabhlóid na teicneolaíochta, ní mór dúinn dul i ngleic le hilroinnt na margaí, rialáil atá slán i bhfad na haimsire a áirithiú, bonneagar tacaíochta a thógáil, cabhrú le digitiú na tionsclaíochta, dálaí a chruthú chun fás a éascú i ngach earnáil agus ár saoránaigh a chosaint. Ba cheart an Margadh Aonair Digiteach a úsáid ar mhaithe le fás cuimsitheach i ngach réigiún laistigh den Aontas. Agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le gach gné de straitéis an Choimisiúin agus le hathchóiriú uaillmhianach ar an gcreat teileachumarsáide a shaothrú, lena n-áirítear comhordú an speictrim níos éifeachtaí, agus inniúlachtaí náisiúnta sa réimse sin á n-urramú, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    a) nach mór an Rialacháin maidir leis an Margadh Aonair Eorpach don Chumarsáid Leictreonach, lena n-áirítear fánaíocht, agus an Treoir maidir le Slándáil Líonraí agus Faisnéise a ghlacadh go gasta; nach mór an Pacáiste maidir le Cosaint Sonraí a ghlacadh faoi dheireadh na bliana seo;

    b) nach mór dul i mbun gníomhaíochta ar chodanna fíorthábhachtacha na teachtaireachta ón gCoimisiún, go háirithe chun:

        – deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann maidir le saorchúrsaíocht earraí agus seirbhísí a dhíoltar ar líne agus dul i ngleic leis an idirdhealú dochosanta ar fhoras suímh gheografaigh;

        – inaistritheacht ábhar ar líne a chosnaítear le cóipcheart a ráthú agus rochtain thrasteorann air a éascú, agus ardleibhéal cosanta ar chearta maoine intleachtúla á áirithiú chomh maith le héagsúlacht chultúrtha á cur san áireamh, agus cabhrú le tionscail chruthaitheacha chun go mbeidh borradh fúthu i gcomhthéacs digiteach;

- ionstraimí infheistíochta éifeachtacha a áirithiú agus chun feabhas a chur ar qn timpeallacht nuálaíochta, ag díriú go háirithe ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta;
- tosaíochtaí a bhaineann le caighdeánú TFA a shainaithint agus a thabhairt i gcrích go pras;
- saorshreabhadh sonraí a áirithiú;
- measúnú a dhéanamh ar ról na n-ardán ar líne agus ról na n-idirghabhálaithe ar líne;
- feabhas a chur ar scileanna digiteacha;
- ríomhsheirbhísí an Rialtas a spreagadh.

13. Thug an Chomhairle Eorpach ar aird an tuarascáil maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, a iarradh ag Cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag 2014 agus d'iarr sí ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh uirthi go pras.

## IV. AN RÍOCHT AONTAITHE

14. Leag Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe amach na pleananna atá aige maidir le reifreann (istigh/amuigh) sa Ríocht Aontaithe. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go bhfillfí ar an tsaincheist sin i mí na Nollag.

*

* *

* * *

*Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl a bhuíochas do Jacques Delors, iar-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, mar gheall ar a rannchuidiú iontach i dtaca leis an tionscadal Eorpach a fhorbairt agus rinne sí cinneadh an teideal "Saoránach Oinigh na hEorpa" a bhronnadh air.*